An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide
The Commission for Communications Regulation (ComReg)

# ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

# SCÉIM TEANGA

## 2017 - 2020

**Clár**

**Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra** .......... 3
**1.1 Réamhrá** .......... 3
**1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime** .......... 3
**1.3 Dáta tosaigh na Scéime** .......... 3

**Caibidil 2: An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide** .......... 4
**2.1 Forléargas** .......... 4
**2.2 Dualgais** .......... 4

**Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach** .......... 6
**3.1 Seirbhísí Tomhaltóra** .......... 6
**3.2 Seirbhís Chuntair** .......... 6
**3.3 Seirbhísí Ar Líne** .......... 6
**3.4 Nós Imeachta Iarratas agus Gearán** .......... 6

**Caibidil 4: Feabhsú na Seirbhísí a chuirfear ar fáil sa dá theanga** .......... 7

**Caibidil 5: Cumas Teanga a fheabhsú** .......... 11
**5.1 Earcaíocht** .......... 11
**5.2 Treanáil agus Forbairt** .......... 11
**5.3 Poist ainmnithe don Ghaeilge** .......... 13

**Caibidil 6: Faireachán agus Athbhreithniú** .......... 14

**Caibidil 7: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú** .......... 15

# Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Réamhra

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

De réir cuid 14(3) den tAcht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bhliana nó go dtí go bhfuil scéim nua deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

## 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird ar na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ina dteannta sin, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin chuimsithigh le geallsealbhóirí ábhartha.

Leanann **An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide** an prionsabal go mbeidh soláthar seirbhísí i nGaeilge bunaithe ar:

- An tóir ar sheirbhísí faoi leith a bheith ar fáil i nGaeilge
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar na seirbhísí seo, agus
- acmhainní, idir chinn daonna agus airgeadais, agus cumas **ComReg** chun forbairt a dhéanamh ar nó teacht ar an gcumas teanga atá de dhíth.

Leanann an scéim seo na prionsabail um Sheirbhís Ardchaighdéan do Chustaiméirí agus ár gCairt do Chustaiméirí. Cuireadh le chéile í ionas go gcomhlíonfaidh dualgais **ComReg** ar fad de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla de réir a chéile tríd an scéim seo agus gach scéim eile a thiocfaidh ina diaidh.

Is mór againn an t-am agus an t-iarracht a chaith gach duine ar an bpróiseas seo.

## 1.3 Dáta tosaigh na Scéime

Aontaíodh an Scéim seo ar **20 Márta 2017** leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn sí ón dáta sin agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bhliana, nó go dtí go bhfuil scéim nua deimhnithe, cibé is déanaí.

# Caibidil 2: An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide (ComReg)

## 2.1 Forléargas

Is é ComReg an comhlacht stáit atá freagrach as rialú na hearnála cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáide, radachumarsáid agus tarchur craolacháin) agus an earnáil poist. Is muidne an t-údarás rialála náisiúnta do na hearnálacha sin de réir dhlí an AE a bhíonn trasuite go reachtaíocht na hÉireann. Bunaíodh **ComReg** ar an 01 Nollaig 2002 agus tá Coimisiún, ina bhfuil triúr Coimisinéirí, i gceannas air.

De réir an Achta um Rialáil Cumarsáide 2002, arna leasú, tá raon leathan feidhmeanna agus cuspóirí ag **ComReg** i dtaobh cur ar fáil líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus poist.

Ina measc tá:

- cinntiú comhlíontachta oibritheoirí ina gcuid dualgas
- iomaíocht a chur chun cinn
- cur le forbairt an mhargaidh intéirnigh
- leasa úsáideoirí sa Chomhphobal Eorpach a chur chun cinn
- bainistiú agus úsáid éifeachtach an speictrim radaimhinicíochta agus uimhreacha ón scéim uimhrithe náisiúnta a chinntiú
- forbairt na hearnála poist a chur chun chin chomh maith le fáil ar sheirbhís uilíoch poist a chur chun cinn ach go háirithe
- leasa na n-úsáideoirí deiridh seirbhísí ardráta a chosaint

Is é an Coimisiún, i dteannta na foirne ArdBhainistíochta, atá freagrach as bainistiú straitéiseach agus oibríochtúil na heagraíochta. Braitheann **ComReg** ar iarrachtaí ár bhfoirne ar fad (dlíodóirí, eacnamaithe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó, speisialtóirí riaracháin agus eile) chun ár mbunchospóirí féin agus ár ndualgais reachtaíochta a bhaint amach.

Feidhmíonn **ComReg** mar chomhlacht coláisteach, glacann na Coimisinéirí na cinntí ar fad le chéile. Breathnaítear ar seo mar rud fíor-thábhachtach agus **ComReg** ag comhlíonadh spioraid an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002 (leasaithe), a d'eascair **ComReg** as. Tá ceithre rannóg i ComReg, agus faigheann siad ar fad tacaíocht ó Ard-Abhchóide agus an Comhairleoir Sinsearach Eacnamaíochta, Polasaithe agus Taighde. Tá an struchtúr seo bunaithe ar fhoirne tras-feidhme ag obair le chéile i dtimpeallacht ildisciplíneach.

## 2.2 Dualgais

Is eagraíocht é **ComReg** a bhfuil raon leathan dualgas teileachumarsáide (nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus líonra chun cur síos níos cuimsí a chur air), poist agus bhainistiú speictrim.

Leagtar ár mbunchuspóirí amach faoi réir reachtaíochta príomha agus tánaistigh. Bíonn an creat reachtaíochta ag forbairt i gcónaí. I 2007, láidríodh dualgais agus cumhachtaí **ComReg** chomh maith leis na bearta comhlíontachta atá acu, faoin Acht um Ríaláil Cumarsáide (Leasú) 2007. Thug an tAcht Iomaíochta cumhachtaí do **ComReg** i dtaobh cumarsáide agus seirbhísí leictreonaí ach go háirithe. D'aistrigh an tAcht um Ríaláil Cumarsáide (Infreastruchtúr Sheirbhísí ArdRáta & Cumarsáide Leictreonaí) 2010, dualgais i

dtaobh rialaithe na seirbhísí ArdRáta go **ComReg** agus thosnaigh **ComReg** i mbun na ndualgas seo mí Iúil 2010. Tá Rialú Poist faoi réir an Achta um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísi Poist) 2011, arna leasú.

Mar achoimre, comhlíonann **ComReg** na róil seo a leanas i gcur chun cinn iomaíochta, tomhaltóirí a chosaint agus nuálaíocht a chur chun cinn.

- **Ag cosaint agus ag tabhairt eolais do Thomhaltóirí**

Cuimsíonn an ról seo tomhaltóirí gnó agus tí, móreagraíochtaí ionadaí tomhaltóra, chomh maith le teileachumarsáid, oibriúcháin cheadúnú speictrim agus seirbhísí poist. Tá na forbairtí reachtaíochta ar fad a mbíonn éifeacht acu ar thomhaltóirí miondíola san áireamh chomh maith le cur i bhfeidhm na bhforálacha cosaint tomhaltóirí de na Treoracha Seirbhíse Uilíche agus Poist. Cuireann **ComReg** próisis i bhfeidhm chun eolas tomhaltóra réamhghníomhaigh ar nós treoracha tomhaltóra agus feidhmchláir a dhéanann comparáid praghais, a chur ar fáil. Chomh maith le sin cuireann **ComReg** feidhmeanna chúram tomhaltóra i bhfeidhm ar son tomhaltóirí chumarsáide leictreonaí agus seirbhísí. [Déanann **ComReg** maoirseacht ar fhorbairt stráitéiseach na feidhme Oibritheoirí Ceadúnú, a bhíonn ag plé le níos mó ná 16,000 ceadúnas in aghaidh na bliana.]

- **Ag cur iomaíochta chun cinn**

Baineann an ról seo le héascú uasléibhéil iomaíochta i gcúrsaí leathanbhanda, glóir agus prótacal idirlín guthaithe trí chéimeanna éagsúla a ghlacadh ar nós díchuachadh na lúibe logánta, sruth giotán, leathanbhanda gan sreang (leathanbhanda soghluaiste gan sreang san áireamh), cábla agus rogha infreastruchtúr eile. Baineann an ról seo le hiomaíocht feabhsaithe i gcúrsaí soghluaiste trí iontrálaithe Oibritheoirí Líonra Fíorúil Móibíleach a chur chun cinn, athbhreithniú agus athruithe a dhéanamh ar chóras praghsála mórdhíola le líonraí seasta (nuair is cuí), agus maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibritheoirí maidir le dualgais faoin gcreat reachtúil do theileachumarsáid agus speictream.

- **Ag cur nuálaíochta chun cinn**

Cuimsíonn an ról seo nuálaíochtaí reachtúla, ar nós cur i bhfeidhm athbhreithnithe margaidh faoin gCreat Reachtaíochta Eorpaigh, agus nuálaíochtaí teicniúla. Cuimsíonn an ról seo athbhreithniú ar stráitéis speictrim ComReg, tionscnaíocht nua in earnáil na gceadúnas gan sreang, chomh maith le hÉireann a chur chun cinn mar láthair tástála d'úsáidí nuálaíochta speictrim. Cuimseoidh sé forbairt stráitéis rialaithe teilichumarsáide réamhbhreathnaitheacha, ag cur treochtaí teicneolaíochta, eacnamaíochta agus rialáilte nua san áireamh. Beidh an teacht chun cinn i seirbhísí poist agus an creat reachtaíochta a bhaineann leo san áireamh chomh maith.

## Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach

### 3.1 Seirbhísí Tomhaltóra

Cuireann ComReg gníomhartha réamhghníomhacha i bhfeidhm chun eolas tomhaltóra ar nós treoirleabhair agus áireamhán comparáide a chur ar fáil, chomh maith lenár ról i gcúram custaiméara a chomhlíonadh ar mhaithe le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Tá na treoirleabhair tomhaltóra ar fáil go dátheangach. Déanfar úasdátú orthu le linn na scéime agus nuair a fhoilseofar treoirleabhair nua, cuirfear ar fáil go dátheangach iad, i bhfoirm chrua agus bhog, ag an am céanna. Tá sonraí teagmhála na foirne um Chúram Custaiméara ar fáil go dátheangach ar shuíomh **ComReg**, leanfaidh le seo ar feadh na scéime.

### 3.2 Seirbhís Chuntair

Cuireann an fhoireann fáiltithe an t-aon seirbhís chuntair ar fáil i bPríomhOifig **ComReg**. Is féidir leo fáilte a chur roimh daoine agus ansin déanann siad teagmháil leis an duine cuí ar féidir leo plé lena n-iarratas i nGaeilge.

### 3.3 Seirbhísí Ar Líne

Tá eolas ar fáil go dátheangach ar shuíomh idirlín ComReg. Déanfar cur síos ar an méid a dhéanfar chun cur leis an líon seirbhíse seo i gCaibidil 4 den cháipéis seo. Cuirfear seoladh ríomhphoist faoi leith ar bun do dhaoine ar mhaith leo teacht ar sheirbhísí i nGaeilge.

### 3.4 Nós Imeachta Iarratas agus Gearán

Tá baill foirne, a bhfuil Gaeilge acu ar fáil sa rannóg seirbhísí tomhaltóra chun plé le hiarratas agus gearán trí Ghaeilge. Leanfaidh leis an tseirbhís seo go dtí deireadh na scéime.

## Caibidil 4: Feabhsú na Seirbhísí a chuirfear ar fáil sa dá theanga

**Is riachtanais riachtanacha iad na forálacha a bhfuil scáth liath orthu sa tábla thíos de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.**

| **Modh cumarsáide leis an bpobal** | | **Gealltanais** | |
|---|---|---|---|
| **Fógairtí Taifeadta Béil** | | Go mbeidh na fógairtí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:<br><br>(a) Fógairtí taifeadta béil a chuirtear an an teileafón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;<br><br>(b) Fógairtí taifeadta béil a chraoltar thar córas fógartha poiblí.<br><br>(c) Fógairtí taifeadta béil cruthaithe agus craolta thar chóras teachtaireachta ríomhairithe nó córas freagartha fóin ríomhairithe.<br><br>Baineann an foráil seo le fógairtí "taifeadta" amháin agus ní le fógairtí beo.<br><br>Ba choir ainm oifigiúil Gaeilge logainmneacha Gaeltachta a úsáid, de réir an Ordaithe Logainmneacha, in aon fógairtí taifeadta béil a dhéanann Comhlachtaí Stáit, nó a dhéantar ar a shon. | Riachtanach |
| **Cumarsáid Scríofa** | **Litreacha agus Post leictreonach** | Freagrófar aon chumarsáid sa teanga oifigiúil inar chuireadh é. | Riachtanach |
| | **Stáiseanóireacht** | Cinnlínte stáiseanóireachta, nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach curtha ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. | Riachtanach |
| **Comharthaíocht** | **Comharthaíocht** | Go mbeidh gach comharthaíocht a chuirtear in airde ag An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide, nó ar a shon i nGaeilge nó go dátheangach, de réir na rialachán (I.R. Uimh.391/2008). | Riachtanach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Foilseacháin | **Foilseacháin** | Go mbeidh aon doiciméad a leagann amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráiteas airgeadais, tuarascáil bhliantúil, agus ráiteas straitéise foilsithe go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. | Riachtanach |
| | **Ciorcláin / Cora Poist** | Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne i scríbhinn nó go leictreonach, nó le haicme den phobal, chun faisnéis áirithe a sholáthar don phobal nó d'aicme den phobal, go gcinnteoidh an comhlacht go i nGaeilge amháin nó go dátheangach atá an chumarsáid sin. | Riachtanach |
| **An Ghaeltacht** | **Logainmneacha Gaeltacha** | Go n-úsáidfidh an Comhlacht Poiblí logainmneacha Oifigiúla Gaeltachta de réir na reachtaíochta. | Riachtanach |

Tabharfaidh **An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide** faoi na gníomhartha seo a leanas de réir seirbhíse.

.

| **Modh cumarsáide leis an bpobal** | | **Gealltanais** | **Amlíne Faoi dheireadh Bl 1/ Bl 2 / Bl 3** |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn** | **Fáiltiú** | Más maith le ball an phobail labhairt le ball foirne a bhfuil Gaeilge acu, déanfaidh an fhoireann fáiltithe teagmháil leis an duine cuí. | **Ó thús na scéime** |
| | **Aghaidh ar aghaidh/Seirbhís Chúntair** | Is é an fáiltiú an t-aon seirbhís aghaidh ar aghaidh nó chúntair atá againn. Tá fógra á thaispeáint ag an bhfáiltiú a léiríonn sonraí teagmhála agus uimhreacha na mball foirne a bhfuil Gaeilge acu. | **Ó thús na scéime** |
| | **Lasc-chláir** | Tabharfaidh ár bhfoireann fháiltithe/lasc-chláir ainm an Chomhlachta i nGaeilge agus i mBéarla. Tá bunthuiscint acu ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus is féidir leo baill an phobail a chur ar aghaidh go ball foirne a bhfuil Gaeilge acu gan moil. | **Ó thús na scéime** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Cumarsáid Teileafóin leis an bpobal** | Tá an teachtaireacht lasmuigh de ghnáth-uaireanta ar ár bhfón i nGaeilge agus i mBéarla. | **Leanúnach** |
| | **Fógairtí Beo** | Ní úsáidimid fógairtí beo, ach má tharlaíonn a leithéid cinnteofar go bhfuilimid ag comhlíonadh na reachtaíochta. | **Leanúnach** |
| | **Bileoga eolais/ bróisiúir** | Cuirtear bileoga eolais agus bróisiúir ar fáil don phobal ag an am céanna, sá dá theanga. | **Leanúnach** |
| | **Foirmeacha Iarratais** | Cuirtear aon fhoirmeacha iarratais ar fáil go dátheangach. | **Leanúnach** |
| | **Ráitis Nuachta** | Aistreofar 20% de gach ráitis nuachta go Gaeilge agus cinnteofar go bhfoilseofar na ráitis seo laistigh de chúpla uair den leagan Bhéarla bheith foilsithe. | **5% Bliain 1**<br>**10% Bliain 2**<br>**20% Bliain 3** |
| **Na Meáin** | **Urlabhraithe Meáin** | Beidh urlabhraí a bhfuil Gaeilge acu ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge, ag braith ar acmhainní foirne. | **Ó thús na scéime** |
| | **Óráidí** | Úsáidfear ábhar Gaeilge in óráidí Béarla, ar nós beannachtaí agus ráitis deiridh. Déanfar tagairt anseo agus ansiúd i nGaeilge d'ábhar na hóráide agus an ócáid atá ar bun chomh maith. | **Ó thús na scéime** |
| | **Ríomhphost** | Freagrófar aon ríomhphost a fhaightear i nGaeilge sa teanga sin, de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá ár dteachtaireachtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige dátheangach go huathoibríoch. | **Leanúnach** |
| **Teicneolaíocht Faisnéise** | **Suíomhanna Idirlín** | Beidh an t-eolas seo a leanas ar fail go dátheangach ar ár suíomh:<br>• Eolas faoi ComReg<br>• Cinnlínte na príomhnascleanúna, na nascleanúna tánaistí agus treasaí.<br>• Sonraí Teagmhála<br>• Sonraí Teagmhála na Foirne Chúram Custaiméara<br>• Eolas inrochtaineachta | **F/dheireadh B1**<br>**F/dheireadh B1**<br>**F/dheireadh B1**<br>**F/dheireadh B1**<br>**F/dheireadh B2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Córas Ríomhaireachta** | • Cuirfidh seoladh ríomhphoist ar bun chun plé le hiarratais trí Ghaeilge - gaeilge@comreg.ie<br>• Beidh an séanadh ríomhphoist, sonraí teagmhála agus síniú deireadh ríomhphoist sa dá theanga. | **F/dheireadh B1**<br>**F/dheireadh B1** |
| | **Seirbhísí Idirghníomhacha** | Níl aon seirbhís idirghníomhach ag ComReg faoi láthair. Má chuirtear aon seirbhís nua ar bun, cuirfear ar bun iad go dátheangach ag an am céanna, nuair is cuí. | **Leanúnach** |
| **An Ghaeltacht** | **Cruinnithe** | Tionólfar aon chruinniú a reáchtálfar sa Ghaeltacht go dátheangach, cuirfear aon cháipéisí breise ar fáil go dátheangach ag an am céanna. | **Más gá** |

# Caibidil 5: Cumas Teanga a fheabhsú

### 5.1 Earcaíocht

Is é earcaíocht bhaill foirne, a bhfuil an leibhéal Gaeilge cuí acu, don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide an príomhbhealach atá againn chun feabhas a chur ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tabharfar aird cheart inár bpolasaí earcaíochta, a thagann faoi réir an chreata do nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta, don ghá atá ann cur leis an gcumas teanga de réir a chéile.

Cuirfear baill foirne nua ar an eolas maidir le Scéim Teanga ComReg ionas go mbeidh siad ar an eolas maidir lenár ngealltanais faoin reachtaíocht.

### 5.2 Treanáil agus Forbairt

Tá an **Coimisiún um Rialáil Cumarsáide** tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne freastal ar chúrsaí Gaeilge creidiúnaithe, ag braith ar acmhainní. Cuirfear baill foirne ar an eolas maidir leis na háiseanna/deiseanna atá ann chun cur lena gcumais i nGaeilge.

| | | **Gealltanas** | **Amlíne Faoi dheireadh Bl 1/ Bl 2 / Bl 3** |
|---|---|---|---|
| **Cumas Teanga a fheabhsú** | **Earcaíocht** | Tacóidh ComReg le hearcú baill foirne a bhfuil Gaeilge acu i rannóga ar leith (i.e. Seirbhísí Custaiméara). Cuirfear baill foirne nua ar an eolas maidir le Scéim Teanga ComReg ionas go mbeidh siad ar an eolas maidir lenár ngealltanais faoin reachtaíocht. | **Le linn na scéime** |
| | **Traenáil/acmhainní a chur ar fáil** | Leagann ComReg béim ollmhór ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ár mball foirne agus cuirimid maoiniú ar fáil do bhaill foirne agus iarbhaill foirne ar mhaith leo cur lena gcuid scileanna. Mar sin:<br>• Cuirfear deiseanna ar fáil do bhaill foirne ar mhaith leo cur lena gcumais Ghaeilge.<br>• Cuirfear liosta de na cúrsaí Gaeilge atá ar fáil faoi láthar ar ár n-inlíon<br>• Cuirfear tacaíocht ar fáil do bhaill foirne ar mhaith leo cur lena gcumais Ghaeilge tríd an mBeartas um Fhorbairt Ghairmiúil agus An Phlean um Fhoghlaim agus Fhorbairt. Is í an aidhm ná: | **Le linn na scéime** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ➢ Tacú le baill foirne i gcothú agus forbairt a gcumas sa teanga Gaeilge;<br>➢ Cuir le cumais bhaill foirne a gcuid dualgas Gaeilge a chomhlíonadh agus iad i mbun a gcuid oibre, agus<br><br>• Cuirfear an fhoireann riaracháin ar an eolas maidir le hacmhainní teanga ar nós: www.tearma.ie, www.teanglann.ie www.focloir.ie, www.abair.ie chomh maith le WinGléacht, leagan leictreonach foclóir Gaeilge – Béarla Ó Dónaill. Cuirfear an leagan Gaeilge de Microsoft Word ar fáil nuair is cuí. | |
| | **Páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaelacha** | Molfar don fhoireann páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha. Cuirfear eolas ar na himeachtaí seo ar fáil ar an inlíon. | **Leanúnach** |
| | **Tionscnaimh eile** | • Taispeánfar eolas ó Oifig an Choimisinéara Teanga sa bhialann foirne agus beidh sé ar fáil ar an inlíon chomh maith<br>• Déanfar suirbhé foirne chun cumas teanga na foirne a mheas, beidh ar dhaoine a gcumais a rangú de réir Líofa>, An-mhaith>, Maith>, Réasúnta>, Lag><br>• Beidh ceist maidir le cumas Gaeilge an iarrthóra ar fhoirmeacha fostaíochta. | **Laistigh de Bhliain 1 den scéim** |

**5.3 Poist ainmnithe don Ghaeilge**

Tá sé deimhnithe go bhfuil gá le cumas Gaeilge do na poist thíosluaite. Is í an aidhm ná go mbeidh leibhéal áirithe Gaeilge ag sealbhóirí na bpost seo, de réir dualgais an phoist. Agus na poist seo á mbronnadh, tabharfar aird faoi leith ar phoist a bheidh lonnaithe sa Ghaeltacht agus do phoist lasmuigh de limistéir Gaeltachta ach ina bhfuil líon mhór daoine a bhfuil Gaeilge acu.

| Teideal Poist | Láthair | Cur síos ar leibheál Gaeilge atá de dhíth (roghnaigh bunleibheál, meánleibheál, ardleibheál) |
|---|---|---|
| Foireann Fáiltithe | PríomhOifig /lasc-chláir | Bunleibheál |
| Oifig Preasa | PríomhOifig | Ardleibheál |
| Seirbhísí Tomhaltóra | PríomhOifig | Ardleibheál |

## Caibidil 6: Faireachán agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Rannóg um Sheirbhísí Corparáideacha faireachán agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta, faoi stiúir na rannóga um Ghnóthaí Poiblí. Is í Sinéad Ní Dhomhnaill pointe teagmhála na scéime sinead.odonnell@comreg.ie, +353 (0) 18049799. Tá fáilte roimh aiseolas, cheisteanna, agus iarratas maidir leis an scéim agus úsáidfear a leithéid chun Scéimeanna Teanga eile a chur le chéile.

Cuirfear córas foirmeálta ar bun chun faireachán a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus déanfar taifead de sin sa Tuarascáil Bhliantúil.

## Caibidil 7: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Déanfar an scéim seo a phoibliú laistigh agus lasmuigh de ComReg trí ráitis nuachta ar dtús. Beidh leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh idirlín agus scaipfear leagan i measc na foirne agus aon ghníomhaireacht eile cuí. Seans go n-úsáidfear bealaí eile chun an scéim a chur cinn chomh maith.

Ina dteannta sin, glactar le gach deis a thagann chun cinn inár dteagmháil laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn trí na bealaí seo:

- Déantar gach iarracht teacht roimh chustaiméirí agus iad ag plé linn go bhfuil sé mar rogha acu a gcuid gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla tá fógraí á dtaispeáint ag an bhfáiltiú a mhíníonn cad iad na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge;

- Tá cur síos ar na seirbhísí seo liostaithe go soiléir ar ár suíomh idirlín;

- Mínítear ar treoir leabhair, bileoga agus foirmeacha iarratais faoi leith go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;

- Tabharfar an tús áite céanna d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh go dtí Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla leagan oifigiúil na scéime seo.